**Caingean arna tabhairt an 12 Nollaig 2022 — Contorno Textil v EUIPO — Harmont & Blaine (GILBERT TECKEL)**

**(Cás T-773/22)**

(2023/C 45/32)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: Contorno Textil, SL (Almedinilla, an Spáinn) (ionadaithe: E. Sugrañes Coca agus C. Sotomayor Garcia, Dlíodóirí)

*Cosantóir*: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* HARMONT & Blaine SpA (Caivano, an Iodáil)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmharc faoi cheist:* An t-iarratasóir os comhair na Cúirte Ginearálta

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha an Aontais Eorpaigh GILBERT TECKEL — Iarratas ar chlárú Uimh. 18 148 635

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 10 Deireadh Fómhair 2022 i gCás R 372/2022-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá á chonspóid a athrú trína shonrú nach mór iarratas ar chlárú uimh.18 148 635 a dheonú i gcás na n-earraí go léir in aicme 25 mar gheall ar an easpa dóchúlachta go mbeadh mearbhall ann idir na trádmharcanna atá á gcur i gcomparáid, tar éis aird chuí a thabhairt ar na difríochtaí idir na comharthaí;

— a ordú go n-íocfaidh EUIPO na costais; nó, mar mhalairt air sin,

— an cinneadh atá á chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar phrionsabail na córa comhionainne agus na deimhneachta dlíthiúla.

---

**Caingean arna tabhairt an 13 Nollaig 2022 — TP v an Coimisiún**

**(Cás T-776/22)**

(2023/C 45/33)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* TP (ionadaí: T. Faber, F. Bonke agus I. Sauvagnac, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh arna eisiúint ag oifigeach údarúcháin an Choimisiúin trí tharmligean, Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Athchóiriú, maidir lena eisiamh ó bheith rannpháirteach i nósanna imeachta dámhachtana arna rialú ag Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ([1]) ó bheith roghnaithe as cistí de chuid an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme agus ó bheith rannpháirteach i nósanna imeachta dámhachtana arna rialú ag Rialachán (AE) 2018/1877 ([2]) ón gComhairle, a glacadh an 1 Deireadh Fómhair 2022 agus arna chur in iúl don iarratasóir an 3 Deireadh Fómhair 2022 ("an Cinneadh atá faoi chonspóid");

— mar mhalairt air sin, pionós measartha airgeadais i gcomhréir le rannpháirtíocht theoranta an iarratasóra i gcur i gcrích an Tionscadail a chur in ionad an Chinnidh atá faoi chonspóid;

— a ordú don Choimisiún Eorpach cúiteamh a íoc leis an iarratasóir as an gcaillteanas a fulaingíodh mar gheall ar an gCinneadh atá faoi chonspóid; agus

— in aon chás, a ordú don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir trí shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go sáraíonn an Cinneadh atá faoi chonspóid Airteagal 136(1) de Rialachán 2018/1046 trí mhainneachtain na fíorais ábhartha a bhunú is gá chun cinneadh eisiaimh a eisiúint i gcoinne an iarratasóra, go háirithe trí mhainneachtain a shuíomh go mbeadh easnaimh shuntasacha déanta ag an iarratasóir – ar bhonna aonair – maidir le comhlíonadh na bpríomhoibleagáidí i gcur chun feidhme an chonartha, conradh arna dtabhairt i gcrích idir an cuibhreannas a raibh an t-iarratasóir mar chuid de agus an Coimisiún, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 136(1) de Rialachán 2018/1046.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go sáraíonn an Cinneadh atá faoi chonspóid Airteagal 136(3) de Rialachán 2018/1046 agus prionsabal ginearálta na comhréireachta, sa mhéid seo a leanas:

   — ní bhaineann an smachtbhanna eisiaimh i gcoinne an iarratasóra amach cuspóir an Chórais Luathbhraite agus Luatheisiaimh dá bhforáiltear i Rialachán 2018/1046,

   — ní thugann an smachtbhanna eisiaimh i gcoinne an iarratasóra aird ar an bhfo-ról atá aige i gcur i gcrích an tionscadail chun líonraí dáileacháin séarachais agus uisce a thógáil i gcathair Famagusta (an Chipir).

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go sáraíonn an Cinneadh atá faoi chonspóid prionsabal ginearálta na deimhneachta dlíthiúla trí sheasamh go cúlghabhálach le pionós eisiaimh faoi Rialachán 2018/1046, atá níos déine ná an pionós airgeadais a sheasfadh an t-oifigeach údarúcháin thuasluaite faoi Rialachán (AE, EURATOM) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ([3])

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO 2018, L 193, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme maidir leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 (IO 2018 L 307, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 (IO 2012). L 298, lch 1).